C/2024/1923

28.2.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh 2024/769 ón gComhairle, agus i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/768 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

(C/2024/1923)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas in iúl do na daoine agus na heintitis arna n-ainmniú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/769 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/768 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur cheart go leanfadh na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES agus i Rialachán (CE) 765/2006 d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine sin agus na heintitis sin. Tugtar na forais leis na daoine sin agus leis na heintitis sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hiarscríbhinní siúd.

Dírítear aird na ndaoine agus na n-eintiteas lena mbaineann ar an bhféidearthacht iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh an 30 Samhain 2024, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an athbhreithnithe thréimhsiúil a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh 2012/642/CBES agus Airteagal 8a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe.

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.
([2]) IO L, 2024/769, 27.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/769/oj.
([3]) IO L 134, 20.5.2006, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/768, 27.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/768/oj.